**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**Strasbourg, 9 Márta 2022**
**(OR. en)**

**2020/0262 (COD)**
**LEX 2148**

**PE-CONS 89/2/21**
**REV 2**

**SOC 751**
**EMPL 563**
**SAN 772**
**IA 216**
**CODEC 1695**

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA LEASAÍTEAR TREOIR 2004/37/EC MAIDIR LE hOIBRITHE A CHOSAINT AR NA RIOSCAÍ A BHAINEANN LE NOCHTADH DO CHARCANAIGINÍ NÓ DO SHÓ-GHINEACHA AG AN OBAIR

(18) Comhlíonann aicrilinítríl na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach fadtéarmach agus gearrthéarmach a shocrú don charcanaigin sin. Is féidir aicrilinítríl a ionsú tríd an gcraiceann chomh maith. Dá bhrí sin, is iomchuí teorainnluach a bhunú le haghaidh aicrilinítríle faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE agus an nodaireacht 'craiceann' a shannadh di. Chomhaontaigh ACSH, bunaithe ar thuairim ó RAC, gurbh fhóinteach an faireachán bitheolaíoch i gcás aicrilinítríle. Ba cheart sin a chur san áireamh agus treoir á forbairt maidir le húsáid phraiticiúil an fhaireacháin bhitheolaíoch.

(19) Maidir le haicrilinítríl, d'fhéadfadh sé a bheith deacair teorainnluach de 1 $mg/m^3$ (0,45 csm) agus teorainnluach gearrthéarmach 4 $mg/m^3$ (1,8 csm) a chomhlíonadh sa ghearrthéarma. Ba cheart idirthréimhse 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo a thabhairt isteach, dáta ón mbeidh feidhm ag an Teorainnluachanna um Nochtadh Ceirde (OEL) sin.

(20) Comhlíonann comhdhúile nicile na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach (catagóir 1A) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluachanna a shocrú don ghrúpa carcanaiginí sin. D'fhéadfadh íogrú craicinn agus íogrú na conaire riospráide teacht as nochtadh do chomhdhúile nicile san ionad oibre. Dá bhrí sin, is iomchuí dhá theorainnluach a bhunú le haghaidh chodáin in-ionanálaithe agus inanálaithe na gcomhdhúl nicile faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE agus an nodaireacht 'íogrú craicinn agus riospráide' a shannadh dóibh.

(b) cuirtear na rónna seo a leanas isteach:

‘

| Ainm an oibreáin | Uimh CE ([1]) | Uimh CAS ([2]) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | | |
| | | | $mg/m^3$ ([5]) | ppm ([6]) | f/ml ([7]) | $mg/m^3$ | ppm | f/ml | | |
| Aicrilinítríl | 203-466-5 | 107-13-1 | 1 | 0,45 | – | 4 | 1,8 | – | Craiceann([8])<br>Íogrú craicinn ([9]) | Beidh feidhm ag na teorainnluachanna ón ... [ceithre bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. |
| Comhdhúile nicile | – | – | 0,01([10])<br>0,05([11]) | – | – | – | – | – | Íogrú craicinn agus riospráide ([12]) | Beidh feidhm ag an teorainnluach ([10]) ón 18 Eanáir 2025.<br>Beidh feidhm ag an teorainnluach ([11]) ) ón 18 Eanáir 2025. Go dtí sin, beidh feidhm ag teorainnluach 0,1 mg/m³ ([11]). |

